**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0356/2023**

26.7.2023

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le 'radanúiclídí: ganntanais a chomhrac agus saoráidí táirgthe nua a thógáil'

**Helmut Geuking**

**B9-0356/2023**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le radanúiclídí: ganntanais a chomhrac agus saoráidí táirgthe nua a thógáil'**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Conradh Euratom,

– ag féachaint d'Airteagal 168 CFAE,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 maidir le straitéis chógaisíochta,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 maidir leis an bPlean Sáraithe Ailse,

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta SAMIRA ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2021 maidir leis an ailse a shárú,

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Samhain 2021 maidir le straitéis chógaisíochta don Eoraip,

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Feabhra 2022 maidir leis an Eoraip a neartú sa chomhrac in aghaidh na hailse (straitéis chomhordaithe),

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, maidir leis an Eoraip, arb í an tomhaltóir is mó d'iseatóp Tc-99m í le 20 % den mhargadh domhanda, go raibh ganntanas iseatóp cheana féin uirthi in 2008-2009 mar gheall ar chothabháil imoibreoirí núicléacha; de bhrí gur cuireadh cóireálacha agus diagnóisic de chineál ailse ar ceal in 2022 mar gheall ar ghanntanais radachógaisíochta in ainneoin saoráidí táirgthe a bheith ag feidhmiú faoi lánacmhainneacht; de bhrí go bhfuil gá le trí shuíomh táirgeachta breise ar a laghad chun freastal ar riachtanais atá ag síormhéadú ar fud na hEorpa;

B. de bhrí go sábhálann radaiteireanóisic, íomháú leighis le radaiteiripe mhóilíneach, radaiteiripe inmheánach roghnaitheach, teiripe radanúiclídí agus teiripe radaimdhíonachta beatha daoine;

C. de bhrí gur féidir le Tionscnamh um Ghleann Raidiseatóp (ERVI) an Choimisiúin a bheith ábhartha chun raidiseatóip a tháirgeadh san Eoraip;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú i bhfianaise an ghá atá le trí láithreán táirgeachta breise ar a laghad a thógáil san Eoraip.